

# AN COISTE COMHAIRLEACH UM POLASAÍ OIDEACHAS GAELTACHTA

## IONAD OIDEACHAIS NA GAILLIMHE

25 Meitheamh 2018



### AN M. OID. SAN OIDEACHAS LÁN-GHAEILGE AGUS GAELTACHTA:

#### TUAIRISC CHUN DÁTA

#### 1) PLEANANNA DON CHREIDIÚNÚ

Is mar seo a leanas a dhéanfar an clár a fhaomhadh/a dhaingniú chun creidiúnú a áirithiú roimh Mheán Fómhair 2018:

| Bord  | Dáta     | Cinneadh |
|---|----------|----------|
| An Roinn um Oideachas Teanga agus Litearthachta | 23/04/18 | Faofa    |
| Bord Dhámh an Oideachais                        | 27/04/18 | Faofa    |
| Coiste Measúnaithe ar Chláir Acadúla (APAC)     | 29/05/18 | Faofa    |
| Bord Acadúil                                    | 08/06/18 | Faofa    |

#### 2) STRAITÉIS MARGAÍOCHTA AGUS CUMARSÁIDE

Trí tharraingt ar an saineolas atá ag an bhFoireann Cumarsáide Corparáidí agus Margaíochta atá ag feidhmiú le fada an lá i gColáiste Mhuire gan Smál agus trí oibriú i ndlúthchomhar le Bainisteoir an Chláir agus le Déan an Oideachais, cuireadh dianstraitéis mhargaíochta agus chumarsáide don chlár i bhfeidhm ó Mhárta 2017. Cuirfear an straitéis i gcrích go rathúil sna míonna amach romhainn lena chinntiú go mbeidh 30 mac léinn ar chlár an M. Oid. San Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i mí Mheán Fómhair 2018. Cuimsítear leis an straitéis seo na gníomhaíochtaí seo a leanas, agus gníomhaíochtaí eile nach iad:

- [Leathanach tiomnaithe don chlár a fhoilsiú](#) sa chuid iarchéime de [www.mic.ie](http://www.mic.ie) ina soláthrófar an fhaisnéis seo a leanas: Réamhrá/físeán eolais le Bainisteoir an Chláir; Ábhar an Chláir; Riachtanais iontrála (mar aon le faisnéis shonrach a bhaineann le fianaise ar Leibhéal B1 ar CEFRL [úsáideoir neamhspleách] a bhaint amach sna hinniúlachtaí Gaeilge ar fad); Conas iarratas a dhéanamh agus faisnéis faoin spriocdháta; Cuir ceist (fóram poiblí ina ndéanann daoine a bhfuil spéis acu sa chlár ceist a chur isteach agus bíonn an cheist agus an freagra le feiceáil go poiblí).

- Bileog an chláir a scaipeadh ar scoileanna lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht agus lasmuigh di, ar gach ionad oideachais agus ar eagraíochtaí ábhartha. Corr poist go scoileanna/ionaid oideachais: 09/04/18. Bróisiúr (A5/A3) nasctha leis seo mar eolas.
- **[Fógra ar Facebook \(íoctha\)](#)**:Ttaispeánadh an fógra do 20,788 duine, cliceáladh 244 huair ar an nasc ann, léirigh 41 duine gur mhaith leo é, chomhroinn seisear an fógra (idir an 10 Aibreán agus deireadh mhí na Bealtaine)
- **[Fógra ar Twitter \(íoctha\)](#)**:11,393 taispeáint, cliceáladh 585 huair ar an nasc ann
- **[Físeán](#)**:Facebook – taispeánadh an físeán do 7,800 duine, d'fhéach 4802 duine air agus chomhroinn 17 duine é YouTube – féachadh air 72 uair
- **[Físeán beochana](#)**:Taispeánadh an físeán 650 uair ar Facebook agus comhroinneadh é 9 n-uair.Taispeánadh é 107 n-uair ar YouTube. Taispeánadh é 345 uair ar Twitter.
- **[Fógra ar Tuairisc.ie](#)**:1206 léitheoir ag an suíomh gréasáin gach lá.
- **[An Dara Comhdháil Taighde ar an Tumoideachas – An Tumoideachas: Deiseanna agus Dea-chleachtas](#)** – bróisiúir curtha ar fáil ag an gcomhdháil ar 18-19 Bealtaine.

### 3) LÍON NA MAC LÉINN A LÉIRIGH SPÉIS SA CHÚRSA GO DTÍ SEO

|                         |             |                 |
|-------------------------|-------------|-----------------|
| Léirithe spéise go dáta | Guthán (29) | Ríomhphost (46) |
| larratais go dáta       | 19          |                 |